



Scéalta na gComharsan

Scéalta ó Áras Chois Fharraige & Tearmann Éanna



An Chéad Eagrán 2023
© Na hÚdair

ISBN: 978-1-9168731-9-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh,
a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach,
meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh
nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Dearadh agus clóchur: Caomhán Ó Scolaí
Grianghrafadóireacht: Simon Boyle, Bríd Treasa Ní Ghaoithín,
Katie Uí Chuláin agus Treasa Ní Chadhain
Clódóireacht: Clódóirí CL

CLÁR

Focal ó <i>Fighting Words</i> Chonamara	4
Nóta ó OPT Chois Fharraige	5
Faoi <i>Fighting Words</i>	5
Réamhrá	7
<i>In Memoriam</i>	8

CUID A hAON:

Áras Chois Fharraige	11
Caitríona agus Paddy	13
Paddy ag Iascach	17
<i>Whiskers</i>	19
An Magpie, an Bastard!	22
Ag bleán na bó, ag ithe greim agus ag déanamh cáca	23
Aontaí agus Margaí	24
Máirín agus an Bhó	28
Ar an bPortach	31

CUID A DÓ:

Tearmann Éanna	35
Cuimhní Cinn: Jude Uí Chonchubhair	36
Mamie Uí Chadhain	39
Pádraig Welby	42
Sarah Kelly	47
Mary Corcoran	48
Patricia Ní Chonghaile	50
Mary Conroy	51
Colm Ó Flatharta	52
Grúpobair: Beatha na ndaoine agus rudaí milse!	53
Oícheanntaí airneáin	55
Leigheasannaí	57
Tomhaiseannaí	58
Trasna na dTonnta — Scéal Judeen	61

Focal ó *Fighting Words* Chonamara

'Siad Katie Ní Loingsigh as Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR agus Aoife Ní Chonghaile, a bhí ann ag an am, a chuir tús leis an togra seo an chéad lá riamh. D'iarr siad an mbeadh *Fighting Words* Chonamara in ann rud eicínt a chur ar fáil do mhuintir Thearmann Éanna sa Tulach agus do mhuintir Áras Chois Fharraige sa Spidéal. Ghlac muid leis an gcuireadh ar an bpointe!

I mí na Samhna, 2022, shocraigh muid tosú i dTearmann Éanna. Thagadh muid le chéile 'chuile



Mháirt ag caint, ag gabháil fhoinn agus ag cur scéilíní i dtoll a chéile. Is as na seisiúin seo a tháinig na píosaí ar a bhfuil muid ag tabhairt, Cuimhní Cinn. Tar éis na Nollag, thosaigh an grúpa ar fad ag cumadh scéil le chéile agus sin an uair a thug muid faoin scéal mór — Scéal Judeen.

Thosaigh muid san earrach in Áras Chois Fharraige. 'Chuile Dhéardaoín a thagadh muid le chéile. Déanadh neart cainte agus casadh cúpla amhrán agus d'oibrigh an grúpa scríbhneoirí ar fad le chéile le cnuasach scéalta gearra a chumadh.

Sa leabhar seo, tá toradh na hoibre ar fad le feiceáil. Ní fhéadfaí tabhairt faoin obair seo gan Máire Ní Chualáin, duine de mheantóirí deonacha *Fighting Words* Chonamara, a bhí ag breacadh síos nótaí agus ag clóscríobh ag 'chuile sheisiún agus a chabhraigh an obair eagarthóireachta a dhéanamh. Tá moladh mór ag dul



dár n-ealaíontóirí, Mali Uí Chlochartaigh agus Lisa Olsthoorn. Tá pictiúir agus portráidí áille le feiceáil sa leabhar, a bhuíochas do Simon Boyle, agus corrphictiúr breise uaim féin, ó Khatie Uí Chuláin agus ó Threasa Ní Chadhain. Tá mé buíoch de 'chuile dhuine a bhí páirteach sa togra álainn seo. Ba phléisiúr amach is amach a bhí ann ó thús go deireadh. Ar ndóigh, ní as Cois Fharraige amháin na daoine a bhíonn ag tarraingt ar an dá áras seo, bíonn daoine as 'chuile áit iontu, agus

tá tagairtí do chuid de na háiteacha seo sa leabhar. Mar a fheicfidh sibh, tá meascán den chaighdeán oifigiúil agus de chaint na ndaoine sa leabhar, corrfhocal Béarla ina measc!

Tá 'chuile rud scríofa mar a dúradh é. Tá súil agam go mbainfidh sibh sásamh aisti.

Bríd-Treasa Ní Ghaoithín
Comhordaitheoir na gClár Gaeilge
Fighting Words



Nóta ó OPT Chois Fharraige

Is mór an onóir d'Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, agus do na hOifigigh Pleanála Teanga an deis seo a fháil tacaíocht a thabhairt don phobal álainn ag Tearmann Éanna agus Áras Chois Fharraige. Ár mbuíochas le Bríd-Treasa Ní Ghaoithín, Máire Ní Chualáin, na foirne ag Tearmann Éanna agus Áras

Chois Fharraige chomh maith leis na hoibrithe deonacha a thugann a gcuid ama go fial, flaithiúil ar mhaithe le tograí speisialta cosúil leis seo.

Comhghairdeachas libh!

Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige
Deireadh Fómhair 2023

Faoi *Fighting Words*

'Siad Roddy Doyle agus Seán Love a chur tús leis an eagraíocht *Fighting Words* i mBaile Átha Cliath in 2009. Tá sé de sprioc ag *Fighting Words* cúnamh a thabhairt do dhaoine a gcuid scileanna scríbhneoireachta a

fhorbairt agus grá a chothú don fhocal scríofa. Le tuilleadh eolais a fháil faoin obair a bhíonn ar bun againn nó má tá suim agat obair dheonach a dhéanamh linn, téigh chuig www.fightingwords.ie.

Réamhrá

An uirlis is tábhachtaí atá ag an scríbhneoir ná an chuimhne. Ní gá go mbeadh sé nó sí in ann cuimhneamh go cruinn ar an rud a tharla inné nó ar maidin inniu. An áit a bhfuil an stuif maith, na cuimhní a bhfuil blas na scéalaíochta orthu, ná na cuimhní atá i gcúl an chinn leis na blianta fada. Mar dhuine a bhíonn ag iarraidh bheith ag scríobh, is breá liom cuimhní daoine eile a chloisteáil agus a léamh. Sin é an fáth gur bhain mé oiread sásaimh as na scéalta atá bailithe le chéile idir clúdaigh an leabhair seo. Is iomaí cuimhne atá ar fáil inti — cur síos ar an gcaoi cheart le bó a bhleán, radharcanna ó laethanta scoile a théann siar breis mhaith agus trí scór bliain, cuntas ar laethanta na hóige caite ar imirce i Meiriceá. Tá cuid de na cuimhní sníofa le chéile ina scéal nua. Cuid eile, tá siad ar fáil ina bpíosáí gearra. An rud a dhéanann ábhar

an-taitneamhach léitheoireachta den iomlán ná an blas fírinneach atá ar an scríbhneoireacht. An cur síos atá ar fáil anseo faoin gcaoi a mbíodh síol féir ag greamú leis na *bullseyes* fadó agus iad thíos i bpóca an ghasúir a fuair ar an aonach iad. Míoneolas den tsórt sin a chuireann slacht ar scéal. Mar a chéile na blúiríní eolais atá ar fáil sa leabhar: Go dtagann tinneas farraige ar dhaoine nuair a bhíonn an ghaoithe anoir aneas ag séideadh, mar shampla. Go mbíodh Gaeilge agus Béarla ag an asal!

Molaim go hard an obair a rinne chuile dhuine as lámh a chéile leis an saothar álainn seo a chur i dtoll a chéile. D'fhéadfaí leagan cainte atá ar fáil inti a úsáid le cur síos a dhéanamh ar an leabhar féin: Is mór an spóirt í, is geall le *brooch* í!

—Tadhg Mac Dhonnagáin

In Memoriam

Fad's a bhí an togra seo ar bun againn, bhásaigh triúr de na rannpháirtithe; Colm Ó Flatharta as Inis Meáin agus an Sruthán, Pádraig Tom Mac Donncha as Béal a' Daingin agus Seán Ó Tuairisg as Scailp an Chait.

Bhí Colm lán le scéalta agus le hamhráin agus bhí a chroí sa gceol. Bhí leagan an-deas aige de 'Chúirt an Bhaile Nua'.

Lá amháin in Áras Chois Fharraige, theann mé anonn ní ba ghair do Phádraig Tom agus thosaigh mé ag labhairt amach go hard go gcloisfeadh sé níos fearr mé. Níos deireanaí agus é ag déanamh a bhealach síos an pasáiste, chuala mé é ag rá le Katie, "Tá mé bodhraithe aice seo!" Bhí mé féin ag ceapadh nach raibh sé ag cloisteáil tada!

Bhí sé de phribhléid againn Seán a bheith linn ag an gcéad sheisiún san Áras. Bhí sé ciúin go maith, ach tar éis píosa agus Máire Ní Chualáin i ngreim láimhe ann á *windeáil*, dúirt sé an chéad bhéarsa de 'Anach Cuain'.

Tá muid buíoch go raibh an t-am sin againn leo. Suaimhneas síoraí go raibh acu.

— Bríd-Treasa



Colm Ó Flatharta



Pádraig Tom Mac Donncha



Seán Ó Tuairisg



Cuid a hAon



Áras Chois Fharraige

D'oibrigh an grúpa seo ar fad le chéile ag na seisiúin le scéalta a chumadh. Bhí lámh ag 'chuile dhuine i 'chuile scéal.

Scribhneoirí Áras Chois Fharraige:

Marie Breathnach, Indreabhán

Bridie McDonagh, Inis Mór

Mícheál Ó Curraoin, Cloch Mór, Baile na hAbhann

Pádraig Ó Conghaile, Camus

Peggy Uí Dhonncha, Indreabhán

Sara Uí Fhlatharta, Indreabhán

Jude Ní Chonghaile, An Spidéal

Máire Ní Chonghaile, Bearna

Cáit Fadden, Cnoc na Cathrach & Carna

Joanne Uí Dhiomsaigh, Na Forbacha

Bríd Ní Chonghaile, Inis Meáin

Seán Ó Tuairisg, Indreabhán (nach maireann)

Pádraig Tom Mac Donncha, Béal a' Daingin (nach maireann)

Stephen Keane, Na Forbacha

Mamie Uí Chadhain, Indreabhán (nach maireann)



Caitriona agus Paddy

Bhí Caitriona chúig bhliana déag d'aois. *Blondey* a bhí inti le *ponytail* fada. Bhí Paddy é fhéin chúig bhliana déag. Leaid ard tanaí agus gruaig rua chomh díreach le drioball an chapaill air.

Bhí siad ag siúl amach lena chéile. Ní raibh aon airgead acu. Bhí suim ag Caitriona a dhul ar chúrsa Gaeilge mar nach raibh mórán Gaeilge aici agus bhí sí ag iarraidh a bheith ag Gaeilgeoireacht le Paddy.

B'as Árainn é Paddy agus b'as Uachtar Ard í Caitriona. Ba é an lá a ndeachaigh sí fhéin agus a muintir ar saoire go hInis Mór a chas sí le Paddy...

Lá deas a bhí ann an lá sin ach ní raibh aon siúl ag an mbád. Bhí sí mar a bheadh sí ag *skideáil* ar an bhfarraige. An fharraige mhór thimpeall orthu agus gan aon talamh le

feiceáil in aon áit. Bhí faoileáin ag eitilt san aer agus corrbhallach, ronnachaí, mangachaí, scadáin, stuifíní agus *breams* ag snámh leo.

Cuireadh amach an *gangway* agus suas leo ar an gcéibh. Chonaic siad go leor turasóirí eile, cuid acu a raibh tinneas na farraige orthu. Deir siad go mbíonn daoine tinn nuair a bhíonn an ghaoithe ag séideadh anoir aneas. Bhí daoine ag snámh agus cúpla duine ag iascach. Bhí *ponies* agus *traps* agus na *jaunting cars* agus busannaí ag fanacht leis na daoine a thabhairt thimpeall an oileáin. Chuaigh an triúr ar *spin* thart timpeall an oileáin sa *jaunting car* — Caitríona agus a máthair, Peigí agus a hathair, Michael.

Chonaic siad an Dún Aonghasa, Poll na bPéist, an Trá Mhór, Trá Eoghanachta agus Trá Chill Mhuirbhigh. Lá breá tirim a bhí ann agus beagán gaoithe ann. Bhí lón deas acu sa gcaifé, iasc úr, ballachaí, fataí, meaicne agus *gravy*. Bhí a gcultachaí snámha leo agus chuaigh siad ag snámh ar an Trá Mhór. Rinne siad bolg le gréin ar feadh píosa. Bhuaile tart

iad agus suas leo Tigh Joe Watty, áit a raibh *lemonade* ag Caitríona, *Guinness* ag Peigí agus pionta pórtair ag Michael.

Tharla sé go raibh Paddy ag níochán gloineachaí Tigh Joe Watty an lá sin. Bhí *t-shirt* dubh air, *shorts* bhána agus bróga dubha le *shine* iontu. Thosaigh sé ag caint leis an triúr ag an mbord.

“Cé as sibh?” a d’fhiafraigh Paddy.

“As Uachtar Ard muid agus tá muid ag caitheamh cúpla lá in Árinn,” a dúirt Michael.

Bhí Caitríona agus Paddy ag breathnú ar a chéile agus thaithnigh siad lena chéile.

Gúna gorm, *sandals* gorma, *Nylons* agus geansaí daite cniotáilte a bhí ar Chaitríona an lá sin.

“Beidh damhsa sa *hall* anocht ag a naoi, a Chaitríona,” a dúirt Paddy. “Ar mhaith leat a dhul ann?”

“Ba mhaith, ba mhaith!” a dúirt Caitríona.

Síos leis an mbeirt ag an *hall* ag a naoi.

Chuala siad an ceol agus iad ag dul isteach an doras. Bhí

John Joe agus Micil ag casadh *waltzannaí* agus an *Siege of Ennis*, an Col Seisear Déag, Caidhp an Chúil Aird, an *Stack of Barley* agus *Shoe the Donkey*. Chuaigh Caitríona agus Paddy amach ar an *Old Time Waltz*.

Bhí siad i ngrá lena chéile.



Paddy ag Iascach


Lá amháin chuaigh Paddy amach ag iascach. Ní raibh sé sábháilte a bheith ag iascach leis fhéin agus thug sé leis a dheartháir Seán, a bhí naoi mbliana déag, agus an mada, Topsy.

I gCois Fharraige a bhí siad agus iad amuigh i mbád trom iomraimh. Lá deas ciúin sa samhradh a bhí ann agus iad ag marú faoitíní, ronnachaí, mangachaí agus ballachaí.

Bhí potaí gliomaigh curtha amach acu ón tráthnóna roimh ré. Déanta as slatrachaí coill a bhíonn an pota, iad déanta ar nós cliabh. Tá an pota caol ar thaobh amháin agus tá an gliomach caoch agus ní bhíonn sé in ann a bhealach a dhéanamh amach as.

Bhí tinneas na farraige ar Topsy, léim sé i bhfarraige, agus shnámh sé i ndiaidh an bháid. Rinne sé a bhealach abhaile ar an gcaoi sin.

Bhí cheithre ghliomach acu, agus líon siad bosca le éisc. Ghlan siad na héisc, agus chuir siad salann garbh orthu. Bhruith siad an t-iasc sa sásan le ruainne salainn. Chuir siad scadáin ar an tlú agus róst siad iad. D'ith siad ansin iad!



Whiskers

Bíonn míle murdar déanta ag an gcat. Maraíonn siad sicíní óga agus éanachaí. Is maith leo a bheith ag spraoi leo.

Fágann siad ag an doras mar bhronntanas iad, iad ag déanamh gaisce. Bíonn siad

ag meabhaíl nuair a bhíonn siad ag cuardú bainne agus ag crónán nuair a bhíonn siad sásta. Is maith leo bainne cé go ndeirtear sa lá atá inniu ann nach ceart bainne a thabhairt dhóibh.

Ar mhaithe leis fhéin a bhíonn an cat ag crónán, agus is ar mhaithe leo féin a bhíonn siad. Dhá mbeadh an fhuinneog oscailte, thiocfaidís isteach, go mór mhór dhá bhfaighdís boladh éisc. Is maith leo áit dhorcha chompordach.



Dhá mbeadh mada agus cat agat agus dhá mbeadh duine eicínt caillte, d'fhanfadh an mada leis an gcorp ach ní fhanfadh an cat. Tá an mada níos cathranaí. Tá an cat cathranach ina bhealach fhéin freisin. Bíonn siad amuigh san oíche ag gadaíocht.

Ach ní bhíodh Whiskers ag gadaíocht.

Cat deas a bhí i Whiskers. Bhí sé go maith thimpeall an tí. D'imíodh sé leis san oíche agus shiúladh sé ocht míle. Ní raibh aon chall le lampa. Níor theastaigh spéacláirí. Nuair a scal solas ar shúile Whiskers, cheapfá gur soilse iad.

Nuair a bhíodh Whiskers istigh, choinníodh sé na luchain amuigh.

“Dearmad bhean an tí ag an gcat.”

Ach, bhí Whiskers difriúil ó chait eile.

Bhíodh sé ag imeacht ar *bhicycle* agus *shoulder bag* aige ag iarraidh an phinsin. Bhíodh sé ag breathnú roimhe agus ina dhiaidh.


An Magpie, an Bastard!

Bíonn spideogaí, an lon dubh agus an chéirseach ag teacht isteach sa ngarraí, agus an *magpie*, an bastard! Goideann an *magpie* uibheacha na gcearca. Cuireann siad poll iontu agus ólann siad iad agus ní fhágann siad ina ndiaidh ach an bhlaosc. Thabharfadh siad uain óga leo freisin, uan a bheirtí inniu nó a bheadh lag. Ghoidfeadh siad na putógaí amach as taobh an uain. Bíonn péire acu ann nuair a bhíonn siad ag déanamh nead. Deirtear, “*one for sorrow, two for joy, three for a girl and four for a boy.*” Níor mhaith le duine ceann amháin a fheiceáil leis fhéin.






Mamie Uí Chadhain



Máire Ní Chonghaile



Stephen Keane



Bríd Uí Chonghaile

Ag bleán na bó, ag ithe greim agus ag déanamh cáca

Téann tú isteach ar thaobh na láimhe deise agus tú ag bleán na bó. Níl aon mhaith sa mbó nuair a dhoirteann sí an bainne, a deir siad. Bhíodh daoine in ann bó a bhleán le dhá láimh maidin agus tráthnóna. Choinneofaí an barr den bhainne a bhí blite le seachtain i mbuicéad. Dé Sathairn a dhéantaí maistreadh go hiondúil. Dhéantaí é sa gcuinneog leis an loine. Bheadh ort an chuinneog a sciúradh le uisce fiuchta.

D'ití bairneachaí, faochain, diúlicíní, sceana mara, gabáiste, tornapaí, parsnips, meaicne bána agus dearga agus *swedes*.

Dhéantaí cáca baile nó cáca rísíní, cáca *currants* nó cáca *treacle*. Ní raibh ann ach plúr, *wholemeal*, *currants*, siúcra, sóidí, bainne géar, dhá ubh, *treacle*, agus gráinne beag salainn a mheascadh le chéile.


Aontaí agus Margaí

Bhíodh margadh sa Spidéal, caiple ba mhó a bhíodh ann. Bhíodh aonach mór ann ar an mbóthar sa mbaile in *October* agus thart 'chuile áit.

Ní raibh aon charr ann mórán. Carannaí asail ba mhó a bhíodh ann. *Tanglers* a thugadh muid ar jabairí Ros Comáin. Bhídis ag *tanhláil*.

Ba im agus uibheachaí agus glasraí a bhíodh muintir Bhearna agus na bhForbacha a dhíol ar an margadh. Bhídís ag tabhairt cuilinn ar an margadh faoi Nollaig freisin agus ag fáil airgead maith air. Bhíodh na Forbacha lán le cuilleann. Bhíodh na mná ag díol uibheachaí agus bláthach agus im san áit chéanna a bhfuil an margadh i nGaillimh anois. Stráinséaraí uilig a bhíonn ag an margadh sin anois.

Bhíodh margadh i mBarr an Chalaigh freisin. Muintir Bhaile Dhúil agus Bhaile an Phoill a bhíodh ag dul ansin.



Bhíodh margadh gamhna, cearca, laonnta agus banbh ar an *Fair Green* maidin Dé Sathairn. Muintir Chinn Mhara agus Óráin Mhóir a bhíodh ann. Bhíodh Margadh na bhFataí ar an g*Crane* Beag.

Bhíodh aonach beithígh agus caoirigh i nDoire Né. Trí a chlog ar maidin a d'éiríodh daoine le dhul ann. Bheadh cáca agus tae agat, agus ubh scaití. Ní raibh aon chaint ar ocras. Bhíodh *flashlamp* agat agus thú ag siúl ó Leitir Móir na Coille. Nó shiúltaí le dhul ar an aonach in Uachtar Ard nó

sa gClochán. Aicearra an chait thríd an ngríosach ag Leitir Móir na Coille siar na cnoic go Gleann Trasna. Ní theastódh aon *sleeping tablets* an oíche sin!

Bhítí in ann treabhsair, geansachaí agus bróga a cheannacht ó *Jack Cheap*. Bhíodh daoine ag díol *sandwiches*, tae agus *soup* agus pórtar le n-ól. Ní raibh aon chaint ar *chips*. Ní íosfá tada i gcaitheamh an lae go dtiocfá abhaile go n-íosfá do bhéilí. Fataí agus iasc. Ní morán feola a bhíodh ann. *Bream* sailte a bhíodh go deas. Bhídís ann amach sa bhfómhar, ach ní fhaca muid le leathchéad bliain iad.

Bhí siopa ag Maidhc Keane i Leitir Móir na Coille. Tá 'chuile rud faoi do shrón anois, *sweets* agus 'chuile shórt. *Sweets* cheaintín a bhíodh ann fadó, *bullseyes* — bhídís greamaithe do do mhéarachai agus thíos i do phóca. Bheifeá á n-ithe agus síol féir orthu! Bheifeá ag *spitteáil* amach féir agus bheadh dath dubh ar do bhéal acu. Bhítí in ann píopaí *licorice* a fháil agus bheadh tú ag cangailt an lá uilig. Cúpla pingin a bhíodh orthu.



Cáit Fadden



Bridie McDonagh



Joanne Uí Dhiomasaigh



Jude Ní Chonghaile

Máirín agus an Bhó

Bhí Máirín ina cónaí ar an gCoilleach sa Spidéal. Bean láidir a bhí inti a bhí in ann obair istigh agus amuigh. Bhí sí in ann na beithígh a bhleán.

Tráthnóna amháin nuair a bhí Máirín seacht mbliana déag, bhí sí réitithe le dhul ag an gcéilí. Bhí *lipstick* dearg uirthi agus ingneachaí dearga. Gruaig rua a bhí uirthi. Ba gheall le *brooch* í! Treabhsar *brown* a bhí uirthi le dhá phíosá ar na glúine. Treabhsar a dearthár a bhí ann a bhí goidte aici aniar as an seomra. Léine ghorm a bhí uirthi.

B'éigean dhi a dhul amach agus na beithígh a bhleán sula ngabhfaidh sí ag an gcéilí. Bhuail sí uirthi péire *wellingtons*. Síos léi sa ngarraí. Bhlighe sí an bhó lena dá láimh agus í ina suí ar stól. Fuair an bhó *fed-up* agus thosaigh sí ag ciceáil. Chuir sí *tin can* bainne san aer agus fuair Máirín slais isteach ar an éadan ó dhrioball na bó. B'éigean dhi a dhul isteach

agus inseacht dhá máthair gur bhuail an bhó cic ar an mbuicéad agus gur chuir sí an taobh isteach ann.

“Cén sórt óinseach thú fhéin gur dhoirt tú an bainne agus thú ag teacht abhaile le buicéad folamh?!” a dúirt a máthair.

“Cheap an bhó go raibh sí ag damhsa!” a dúirt Máirín.

Ghlan Máirín a héadan agus chuir sí uirthi an *lipstick* aríst. D’athraigh sí a cuid éadaí. Treabhsar dearg a chuir sí uirthi fhéin an uair seo, *t-léine* bhreac agus bróga dubha. Ba mhór an spórt í, ba gheall le *brooch* í agus í ag dul ag an gcéilí.

* * *

Chuaigh an bhean seo ag an dochtúir agus d’fhiafraigh an dochtúir di, “*When did you last pass anything?*”
“*I passed a donkey carrying two baskets on the way down!*”
a dúirt sí.

Ar an bPortach

Théidís ar an bportach i gcarr asail ag tús an tsamhraidh. Bhíodh *tin* mór agus tae ann agus siúcra. Thiocfadh ocras go héasca ort ar an bportach. Théadh muintir an Spidéil suas ar an bportach ag an *Tower* agus théadh muintir na bhForbacha suas ar na Poillíní. *Golf course* cuid dhe anois. Théadh muintir Bhaile na hAbhann ar an bportach sna Doireadha.

Dhéantaí tine le haghaidh tae a dhéanamh. Bhíodh citeal agus sásan leis na daoine. Nuair a chonaic tú an deatach, bhí a fhios agat go raibh an tae réidh. *Loose tea* a bhíodh ann agus cáca baile le im, bainne, siúcra agus uibheachaí. Bhí cearca ag 'chuile dhuine an t-am sin. Ní raibh aon mhaith sna cearca gan coilleach a bheith agat. Dhá mbeifeá i do sheasamh ag ligean do scíth, deirtí leat, “Céard atá tú a dhéanamh i do sheasamh ansin?” Chaithfeá coinneáil ort.

Bhaintí an scrath den phortach ar dtús le spáid, bhaintí




Marie Breathnach



Mícheál Ó Curraoin



Sarah Uí Fhlatharta



Pádraig Ó Conghaile



Peggy Uí Dhonncha

dtriomaíodh sí, agus í a ghróigeadh ina dhiaidh. Chuirí an mhóin amach ar an mbóthar ansin le asal agus dhá chliabh. Bhíodh sean*bhicycle* ag cuid de na daoine. Bhíodh Gaeilge agus Béarla ag an asal. Bhí saol crua ag an asal. Ní raibh mórán trua dhó. Ní raibh aon ómós dhóibh, ar nós bean an tí scaití nach mbíonn mórán ómóis dhi. Bhraith sé, agus braitheann sé ar an teach.

Chaití í a athghróigeadh, ach dhá mbeadh an aimsir go maith agus *breeze* ann ní theastódh athghróigeadh ná dúcháin. Dhéantaí guigíní dhi nuair a bhíodh sí gróigthe agus triomaithe agus í réidh le theacht abhaile. Thógtaí móin as an lagphortach agus chaití suas ar an mbruach í nuair a bhíodh áit ann dhi.


Bhainfeadh na míoltógaí beaga plaic asat. Bhíodh an diabhal orthu. Chaithfeá imeacht. Dhéanfaidís tinn thú. Mura mbeadh *breeze* ann, bheifeá ite ag míoltógaí tráthnóna. Bhídís ag ithe an méid a bhí fágtha dhíot théis lá ar an bportach! Bhainfeadh na cleabhair fuil asat freisin. Cloigeann mór

orthu agus drioball fada siar astu. Bhí siad sciobtha, mar a bheidís ag *diveáil* isteach ionat. Ní bhíonn na cleabhair ná na míoltógaí beaga ar thalamh aolchloiche; ar an bportach uilig a bhíonn siad.



Lá mór an lá a dtabharfaí an mhóin abhaile. Thagadh muintir an bhaile, meitheal, le chéile agus thugtaí an mhóin abhaile le carr asail, *lorry* nó *tractor*. Ritheadh an gadhar amach ag tafann nuair a thagaidís abhaile mar nach raibh cleachtadh aige ar charannaí ná ar *lorries*. Bhíodh *ham sandwiches* nó dinnéar réitithe ag bean an tí don mheitheal oibre nó BBC — *boiled bacon & cabbage*! Dhéantaí cruach mhóna de réir a chéile sna laethanta ina dhiaidh sin.

Ní bhíonn mórán ag baint le sleán anois. *Machines*! Níl an *government* ag iarraidh go mbainfear aon mhóin níos mó.



Cuid a Dó



Tearmann Éanna

Bhí dhá chuid leis an obair a rinne scríbhneoirí Thearmann Éanna; roimh an Nollaig bhí cúpla seisiún againn a bhain le cuimhní cinn agus tar éis na Nollag a thosaigh an obair ghrúpa ar Scéal Judeen.

Scríbhneoirí Thearmann Éanna:

Bríd O'Connor, Poll, An Spidéal

Jude Uí Chonchubhair, Bolusice, An Spidéal

Mary Corcoran, Poll, An Spidéal

John McIntyre, Tearmann Ainnín, Indreabhán

Máirtín Ó Fátharta, Na hAille, Indreabhán

Peter Kelly, Caisleán, Indreabhán

Mary Conroy, Cloch Mór, Baile na hAbhann

Katherine McDonagh, An Tulach, Baile na hAbhann

Sarah Kelly, Muicineach, Casla

Pádraig Welby, Camus Íochtair, Casla

Mary Corbett, Na Creagáin, Indreabhán

Mamie Uí Chadhain, Lochán Beag, Indreabhán (nach maireann)

Colm Ó Flatharta, nach maireann, Sruthán, An Cheathrú Rua

Patricia Ní Chonghaile, Leitir Péic, An Spidéal

Máirín McDonagh, An Cheathrú Rua

— Cuimhní Cinn —

Jude Uí Chonchubhair

Bhíodh daoine ag déanamh poitín ar an Oileán Mór ar Abhainn Bholuisce. Bhíodh rud a dtugtaí ‘leann’ i mbairillí ar feadh seachtaine sula ndéantaí poitín. Bhíodh muid ag fanacht le tús an phota. Bhí sé go maith don *arthritis*. Chuimleofá de do chraiceann é nó d’ólfá é.



Jude Uí Chonchubhair

Bhínn fhéin ag iomramh go dtí an t-oileán i mbád íseal. Tá an t-uisce ardaithe anois agus an t-oileán sceite ag an uisce. Bhíodh mo dheartháir agus triúr eile as an mbaile ag déanamh poitín ann. Bhíodh dhá thine le poitín a dhéanamh orthu lasta ann, bhíodh muid inár suí ag an tine, bhí sé go hálainn. Dhéantaí poitín faoi dhó sa mbliain.

Bhíodh buidéal poitín ag m'athair ar an *mantlepiece*, agus an lá seo bhí muid ag déanamh maistrídh agus chuile dhuine á dhéanamh ar feadh píosa. Bhínn fhéin ag dul siar sa seomra ag baint braon as an mbuidéal i rith an ama. Chonaic m'athair an buidéal agus an poitín ólta as agus thug sé amach mo thriúr dearthár á gceistniú faoi. Níor chuimhnigh sé ormsa chor ar bith, cheap sé go raibh mé ciallmhar, ach bhí mise leathchaochta!

Cuireadh ar chathaoir taobh amuigh mé agus thosaigh siad ag tabhairt chuile chineál rud dhom le mé a dhéanamh tinn, cac bó, rud ar bith le go gcuirfinn amach é. Ba í an bhean béal dorais, Annie a chuir na rudaí i mo bhéal le go gcuirfinn amach é. Seans go raibh braon maith ólta agam! Níor thuig mé céard a bhí mé a dhéanamh. Bhí siad scanraithe go gcaillfí mé. Ach níor fágadh an poitín ar an *mantlepiece* níos mó!

D'ólfainn corrbhraon ina dhiaidh sin mar sin fhéin, *punch* le uisce te agus siúcra. Ólann daoine eile braon *punch* ar thae dubh.

Nuair a chuaigh mé faoi láimh easpaig, d'éirigh mé tinn ar an mbealach abhaile, bruitíneach a bhí orm. Théis gur gheall muid nach n-ólfadh muid aon deoir, d'ól mé poitín an oíche sin! Sin é an leigheas a bhí ann. Tá leathspúnóg de go maith don slaghdán. D'ólfá an poitín agus chaithfeá a dhul sa leaba; chuirfeá allas ansin.

Líon mo mháthair agus m'athair mála le tuí an lá sin agus chuir siad i mo luí in aice na tine mé le fanacht te. Sin an leigheas a bhí ann. *Aspro* is mó a mbíodh caint air, ach níor thóg mé ariamh é. Ní raibh *Panadol* ná tada eile ann.

Trí bliana déag a bhí Máirtín s'againne nuair a chuaigh sé faoi láimh easpaig. Bhí sé ag fáil bháis ag an am sin. Bhí *heart murmur* aige agus é i *Merlin Park*.

Ní raibh mé i Sasana ná i Meiriceá riamh ach i mBearna a bhínn. Bhí mé ag obair sna *Twelve Pins* i mBearna ag an am ag Kennedy. Ag níochán soithigh sa gcistineach a bhínn. Ní gheofá mórán airgid air, dhá phunt is dóigh.

Mamie Uí Chadhain

As an Lochán Beag mé. Chuaigh mé ag an scoil ar an gCnoc. Bhí slua mór sa scoil ag an am. Gheofá *corrs*lap ann. Thugadh mo Dheaide cruib mhóna soir ag an scoil uair sa mbliain agus ní raibh orainn móin a thabhairt linn. Seachtar againn a bhí ann, mise an chéad duine. Bhí *good days* agus *bad days* ann!



Mamie Uí Chadhain
(nach maireann)

Bhíodh gúnaí bána le ceannacht i nGaillimh don Chéad Chomaoineach. Cheannaigh mo mhama ceann dom. Is cuimhneamh liom é, *ruffles* in íochtar air. Bróga agus stocaí bána freisin, agus miotógaí. Bhí muid *excited*.

Bhí mé fiche bliain i Meiriceá, i m*Boston*. Bhí mé aerach! Chas mé le Michael thall ach bhí aithne agam air sa mbaile. D'fheicfinn ag dul siar ar an *mbicycle* thar mo theach é, siar

ar an gCeathrú Rua nó áit eicint leis na *lads*. Bhí an tsúil agam air. Cheap mé go raibh sé dathúil. Bhínn ag rá, ‘Nár bhreá an rud oíche air!’

An chéad oíche a ndeachaigh mé ag damhsa thall, cén diabhal a bhí istigh romham ach é! Tá mé 92 anois ach ní raibh mé ach seacht mbliana déag nuair a chuaigh mé anonn. Bhí mé chomh *excited*, bhí mé chomh hóg. Ní raibh caill ar bith orm ag an mBéarla agus mé ag dul anonn. Labhair mo mhama Béarla linn. Theastaigh Béarla uainn.

Bhí Michael cúpla bliain níos sine ná mé. Fear maith a bhí ann, bhí sé ag obair ag an *ESB*. Tháinig muid abhaile théis píosa, tháinig mise anall ar dtús, chuaigh mé anonn aríst agus thug muid anall an *furniture*. Bhí saol maith againn, ag damhsa ’chuile *weekend* i *Dudley Street* agus áiteachaí eile. Bhí trí nó cheithre *hall* ann. Murar thaithnigh an ceann sin leat, chuaigh tú in áit eile. Bhíodh muid ag ’chuile dhamhsa. Ní fear damhsa a bhí i Michael.

Chaithfeá fear eile a fháil le dhul ag damhsa! Dhéanfadh

sé Ionsaí na hInse ceart go leor. *Bandannaí* a bhíodh ag na damhsaí, an *Hibernian* agus an *Intercolonial*. *Those were the good old days!*

Phós muid thall. Ní raibh *family* againn. Ní cheapfainn go mbeidh anois! *My grief!* Sheas mo dheirfiúr, Cáit liom nuair a phós mé. Bhí triúr deirfiúr liom thall. Gúna fada bán a bhí orm — tá sé agam i gcónaí — cheannaigh mé in áit eicínt i m*Boston* é. Bhí fear maith agam.

Nuair a cailleadh é, thit an tóin asam. Deartháir de Mháirtín Ó Cadhain a bhí ann. Chuaigh muid 'chuile áit le chéile, ag an Oireachtas 'chuile bhliain.

Bhínn ag casadh 'Sail Óg Rua' agus amhráin eile. Bhí mo Dheaide, Seán Ó Cadhain an t-ainm a bhí air, go maith ag casadh. Bhí go leor amhrán aige, ach gan aon suim againne iontu. Bhí muid ró-óg agus craiceáilte. Bhí mo mhama in *Portland* píosa. Théinn síos is aníos go *Portland*. Bhí mé ag obair ann píosa beag. Ba chuma linn ach cúpla pingin a fháil le dhul amach ag an *weekend!*

Pádraig Welby

Chuaigh mé ag an scoil i Leitir Mucú. Bhí múinteoir an-chantalach againn. Bhíodh sé ag ól Dé Domhnaigh is é cantalach Dé Luain is Dé Máirt. Dhá mbeifeá ag gáire agus dhá dtabharfadh sé aghaidh ort, mharódh sé thú. Bhíodh sé ag ceapadh gur ag fiodmhagadh faoi fhéin a bhíodh muid. Deichniúr mná agus beirt leids a bhí sa rang. Slua ban. Bhí na Griallaiseacha ag an scoil, agus ag cur ceoil tríd an *roof*. Ní bhínnse ag gabháil fhoinn.

Is cuimhneamh liom a bheith thíos sna suíocháin tosaigh



Pádraig Welby

sa séipéal lá mo Chéad Chomaoineach. Bhí treabhsar gearr síos go dtí na glúine orm. Bhí táilliúr i Leitir Móir na Coille, Táilliúr Loideáin. Bhí triúr ann a bhí ina *dummies*. Cuireadh ag an scoil iad le *trade* a fhoghlaim. Bhínn ag dul suas acu sin. Is cuimhneamh liom go dtugadh a máthair go *Maam Cross* iad lena gcur ar an traein ón gClochán go Gaillimh le dhul ag an scoil. Bhí Táilliúr Cloherty as Leitir Calaidh ina chónaí i Leitir Móir na Coille freisin.

Faoi Nollaig bhíodh stoca crochta in aice an tsimléir, stoca cniotáilte, stoca baile. Ní bheadh cuma ar bith ar stocaí dá mbeidís ramhraí ag uisce te. Uisce bog ab fhearr. Milseáin a d'fhágadh Santaí. Bhí dúil sna *sweets*. *Sweets* Tigh Mháiria!

Bhíodh m'athair ag léamh go leor, Pat Welby. Bhí an-tóir ar leabhra aige. Bhíodh sé ag léamh Cré na Cille, bhí sí barrúil, iontach, ach is i mBéarla is mó a bhíodh na leabhra a bhíodh sé a léamh. Bhíodh sé ag fáil *National Geographic* ar an bposta san aimsir dheiridh. Mo dheirfiúr, Áine a bhí i Meiriceá a bhíodh á bhfáil dhó. I g*California* a bhí sí, tá sí

ann fós. Níor imigh mé ón mbaile ariamh ach go ndeachaigh mé ar cuairt ag mo dheirfiúracha, sin an méid.

Bhí mé amuigh ann, áit a dtugtar *Malibu* air. Áit álainn. Bhí an fharraige mhór le feiceáil amach uait. Ní raibh sé róthe. In *October* a bhí mé ann agus athraíonn an aimsir ann an t-am sin. Ní bheinn in ann cur suas leis an teas. Thaithnigh Meiriceá liom. Bhí sé suimiúil.

Ní dhearna mé aon iascach ann, ní dhearna mé mórán iascach sa mbaile ach an oiread. Ach b'iontach an *pastime* é Dé Domhnaigh. Bhí báidín iomraimh ag comharsa agus théadh muid amach inti scaití. 'Geairrín' a thugtaí ar a leithéid, iad ar nós na mbáid a bhíodh ar an loch. Siar Cuan Bhéal an Daingin a théadh muid.

Bhínn ag damhsaí freisin, ach ní raibh aon mhaith liom acu. Théití ar an gCeathrú Rua, agus soir ag an Spidéal Oíche 'le Stiofáin agus isteach ag an *Hangar*. Bhí mé istigh ann ach níl mé ag rá go raibh mé ag damhsa. D'fhiafraigh bean amháin uair, "Cén sórt áit é an *Hangar*? Áit le haghaidh

éadaí a chrochadh suas ann, ab ea?!” Bhí *Seapoint* ann freisin, do dhream coláistí.

Rinne mé roinnt oibre leis an *Land Commission* ar feadh trí nó cheithre bliana, ag déanamh bóithre isteach sa bportach do Mhuintir na nOileán. Bhíodh thart ar dheichniúr againn ann. Bhíodh cuiléar á bhleasteáil agus líontá na clocha isteach i *dtractor*, bhídís céad tonna meáchain. Bhítí ag tabhairt na gclocha amach ar na bóithre ansin. Bhíodh triúr nó ceathrar ag obair ar an mbóthar agus triúr nó ceathrar eile sa gcuiléar.

Mick McDonagh as Uachtar Ard agus a bhí pósta i gCladhnach an *ganger* a bhí againn. Bhí an obair crua, ní bheadh aon mhaith dhuit clocha a bheadh *loose* a bheith thuas ard, bhí sé contúirteach.

Tá rialacha go leor faoi bhleasteáil anois, rud nach mbíodh. Bíonn ar ghardaí a bheith ann anois. An fáth ar tharla sé ná go mbíodh daoine ag tabhairt leo an *gelignite* mar gheall ar an IRA agus na trioblóidí sa *North*. Thagadh

an *gelignite* ón Rinn Mhór. Bhídís ag goid *stickeannaí* agus á gcur i gclocha agus á gcaitheamh sa tine.

Thug mé fhéin liom é agus chuaigh sé gar go leor dhom uair amháin, d'fhéadfainn láimh a chailleadh leis. Las mé an *detonator* agus an *fuse*. Murach gur chaith mé uaim é, bhainfí an láimh díom. Is iomaí rud a dhéanfas duine le óige is díchéille! Amuigh sa ngarraí a bhí mé leis. Bhí faitíos orm gur airigh m'athair é, ach buíochas le Dia níor airigh. Bhí torann uafásach aige. Bhí ceol i mo chluasa ina dhiaidh.

Ní raibh mo Mhama beo ag an am, bhásaigh sí nuair a bhí mé seacht mbliana. Mary an t-ainm a bhí uirthi, *pneumonia* a fuair sí théis an pháiste. Ceathrar deirfiúr a bhí againn ann agus mé fhéin, mise is sine.

Rinne mé *mistake* amháin nár éirigh liom bean a fháil. Tá mé *late* anois. '*A day late*' mar a deir an bhean eile. Nó dhá lá!

Sarah Kelly

Bhí mé fhéin i Meiriceá cúpla lá fliuch, níl mé cinnte cén áit, thart ar *Bhoston*.

Bhínn ag tabhairt aire do sheandaoine. Bhí sé éasca déileáil leo. Dream saibhir a bhí i gcuid acu, iad réitithe *decent*. Bhí siad cineálta, agus dhá mbeadh timpiste agat nó do chois a bhualadh faoi rud eicínt thiocfaidís chomh fada leat agus chuirfidís *plaster* ort. Bhí siad ag breathnú amach dhom.

Théinn ag damhsa uair sa mí b'fhéidir, dhá mbeadh *band* maith ann, na *showbands* nó an *Gallowglass Céilí Band*. Bhíodh muid ag cur allais go leor ag na damhsaí!

Bhíodh muid ag breathnú isteach ar Árainn faoi Nollaig nuair a bhí mé sa mbaile. Bhíodh go leor soilse in éindí.



Sarah Kelly

Mary Corcoran

B'as Boluisce mo mháthair agus b'as Uachtar Ard m'athair. Chuaigh mé ag an scoil i mBoluisce. D'oscail an scoil i 1945. Rugadh mise i 1942. Cheithre bliana seans a bhí mé nuair a chuaigh mé ag an scoil. Bhí an chéad lá ceart, ach níor thaithnigh an scoil liom. Bhí Jude agus Bríd atá anseo liom sa scoil chéanna ach ní raibh muid sa rang céanna. Théadh mé siar abhaile ag am dinnéir, mar bhí an baile béal dorais.

Chuaigh mé go *Kilburn* i 1960 ag obair i *sausage factory*. Bhínn ag déanamh *sausages*. Bhíodh cóta fada bán orm, agus *net* ar mo chloigeann. Bhí meaisín ann ag cur rotha timpeall agus carnán *sausages* ag teacht amach as. Bhínn á *shapeáil* agus ag cur snaidhm orthu. Bhíodh bord mór fada ann, agus



Mary Corcoran

nuair a bhí siad *shapeáilte* amach, bhíodh meaisín ag cur *wrapper* orthu, agus iad bailithe leo ansin. Thaithnigh an obair liom. Bhí *friend* thall liom freisin. Gheofa go leor *overtime*. Thosaíodh muid ag leathuair théis a hocht ar maidin. Ní íosfainn na *sausages* ag an am, ach d'íosfainn anois iad. Bhí *Kilburn* go hálainn sna 60idí, é beo beithíoch.

Ní ghabhfá amach ach oíche Dé Domhnaigh. Théadh muid ag an *Galtymore* i *Cricklewood*. Bhíodh neart ceoil ann agus chasadh go leor Éireannaigh ort, níos mó ná anois. *Bandannaí* as Éirinn a théadh anonn a bhíodh ann. Céilí ab fhearr linn, na seandamhsaí, na *waltzannaí*. Ghabhfá amach le *friend*. Bhíodh fir agus mná measctha sa *hall*. Bhí mé trí bliana thall i *Kilburn*. Tháinig mé abhaile ansin, bhí mo dhóthain *sausages* feicthe agam!

Tom a bhí ar m'fhear. Casadh orm i nGaillimh é. B'as Gaillimh é. Ní raibh Gaeilge aige. Nuair atá tú óg, níl a fhios agat céard atá ag tarlú. Sa Spidéal a bhí muid, ag obair, ag déanamh 'chuile shórt.

Patricia Ní Chonghaile

I m*Boston* a bhí mé, ag tabhairt aire do bhean as Maigh Cuilinn a bhí ina cónaí i m*Boston*. Bhí sí go deas. Bhí bean óg eile a bhí 52, nach raibh in ann tada a dhéanamh dhi fhéin, agus bhínn ag tabhairt aire dhi. Ní raibh sí in ann siúl agus bhínn ag úsáid an *hoist* len í a chrochadh. Bhí mé aon bhliain déag thall. In *Dorchester* a bhí mé, bhínn anonn agus anall. Bhí mo mhama tinn, agus tháinig mé anall.



Patricia Ní Chonghaile

Ní mar a chéile é níos mó. Tá *Dorchester* faighte beagán *rough*, sórt contúirteach. Ní bheifeá ag dul amach san oíche. Théinn ag *art class* sa tráthnóna. Bhínn ag péinteáil le *acrylics*. Sin an áit ar thosaigh mé. Bhíodh muid ag tarraingt mná gan folach orthu freisin...

Mary Conroy

I Sasana a rugadh mé. Bhí mé óg nuair a tháinig muid anall. Ní dheachaigh mé anonn ariamh ina dhiaidh. Mary Seoige a bhí ar mo mháthair. B’as an gCladach Ó Dheas í.

Thaithnigh Sasana léi. Bhí sí thall ann le m’athair. Oíche Nollag a cailleadh mo mháthair agus an 18 *January* a cailleadh m’athair. Bhí dhá ghasúr déag acu.

“Móinín na gCiseach ... Bóithrín na gCiseach, gheobhaidh tú bás nó gheobhaidh tú biseach!”

Is maith liom a bheith ag breathnú ar Daniel O’Donnell. ‘Meas tú an mbeadh aon seans air?!’



Mary Conroy

Colm Ó Flatharta

Chaith mé cheithre bliana i Sasana. Ag obair i *tunnel* ag cur síos *cables* a bhí mé. Bhí mé *all over England*. Bhí mo dheartháir Seán ann freisin, ach fuair sé jab eile. Ní raibh an obair róchrúa. Bhí cúpla duine as Conamara ann. Thosaíodh muid ag leathuair théis a hocht ar maidin. Thaithnigh sé thar barr liom. Bhí a sheomra beag fhéin ag chuile dhuine. Builín bán a bhíodh againn. Bhínn sa *National* agus gheofá tacsáí abhaile.

Bhí mo Dheaide básaithe agus tháinig mé anall le bheith le mo mhama.



Colm Ó Flatharta
(nach maireann)

— Grúpobair —

Beatha na ndaoine agus rudaí milse!

Tá daoine ag ithe an iomarca anois. Ní bhídís ag ithe rudaí milse ná *tubannaí*. Chuireadh muid cúpla pingin le chéile i rith na seachtaine le *Mickey Mouse* a cheannacht ar an Domhnach. *Sweet* mór crua a bhí ann, píosa mór fada de *sweet*. Bhainfeá *square* dhe. Bhí sé milis agus go hálainn. Tigh Francis a cheannaíodh muid é théis an Aifrinn. Bhíodh sé ite agus tú sa mbaile, agus ghiorraíodh sé an bealach mar bhí píosa maith le siúl againn. Tá muid ag dul siar 75 bliain anois. Bhíodh corrcháca cuiríní nó *treacle* ann. Ní bheadh a fhios agat céard é briosca.

Bhíodh ciseog i lár an urláir agus pláta i lár báire le uisce agus salann ann agus chuirteá d'fhata síos ansin. Bhíodh na daoine ina suí ar stóilíní beaga thart ar an gciseog, muigín bainne nó bláthaí acu, ní bhíodh mórán feola ann. Bhíodh

ronnach nó mangach rósta ann. Bhíodh an dríodar éisc ann, cuid den iasc agus na cnámha bainte as.

Bhíodh ‘cala’ acu a dhéantaí le fataí nua; iad a bhrú le braon bainne agus scailliúin agus ruainne beag salainn leo. Bhíodh muid réidh le pléascadh théis an méid fataí nua a d’íosadh muid!

Mharaítí muic scaití, thagadh duine eicint le haghaidh an mhuic a mharú. Bhíodh scréachaíl ag an muic! Chuirte i mbairille le salann í, picil. Mharaítí caora freisin agus bhaintí seachtain aisti. Bhí sí sábháilte le n-ithe go ceann seachtaine sa bhfómhar nó sa ngeimhreadh.

Bhíodh siad ag iascach ballachaí ar an gcarraig in Inis Meáin. Shailtí iad. Chuirte salann garbh síos i mbairille uisce ar feadh trí seachtainí. Ansin chuirte amach ar an gclaí faoin ngrian iad go dtriomódh siad agus síos sa mbosca tae. Is minic a d’ith mé ballach buí. Bhíodh siad an-ghoirt. Chuirte dhá uisce fúthu agus iad á mbruth.

Oícheanntaí airneáin

Tá an nádúr imithe as na daoine ach níl sé imithe as 'chuile dhuine. Bhíodh go leor cuartaíochta ann fadó, go leor as an mbaile ag teacht isteach san oíche. Bhíodh scéalta faoi na caiple bána acu ... caiple bána is dubha. Dá bhfeicfeá capall bán san oíche, bheifeá scanraithe. Bhíodh na daoine isteach



ag a chéile san am sin. Ní raibh *television* ann ag an am, sin an méid a bhí acu.



Bhíodh cuartaíocht i gCamas, tigh Tom Ó Niaidh. Fear deas. Bhíodh an-tóir aige ar imirt chártaí. Bhídís ag imirt cúig fichead. Bhíodh naonúr timpeall an bhoird, trí pháirtí. Bhídís in ann seisear a imirt freisin. Bhíodh cúpla teach i Muicineach a mbídís ag cuartaíocht agus ag imirt ann, Tigh Charter. 'Chuile bhean a bhí in ann imirt, bhídís ag imirt nó sheasaidís isteach do dhuine a bhíodh deireanach.



Bhíodh daoine ag imeacht leis an dreoilín. Ní raibh sé éasca breith orthu!

‘Dreoilín, dreoilín, rí na n-éan...’

Buachaillí is mó a théadh thart leis an dreoilín. Fata a bhíodh acu in áit an dreoilín scaití!





“Tháinig dreoilín ag doras teach an táilliúir.
Bhuail sé cic air is bhain sé clár as.
Tabhair amach an cóta is bheilbhit lena chába,
Nó beidh mé ag gabháil de mhaide ort go mbrisfidh mé do
chnámha.”

Leigheasannaí

Bhí Mochán i Leitir Mealláin, bhí cáil mhaith air ag cur caoi
ar chnámha. Bhíodh go leor cainte air. Dhá mbeadh cléithín

agat nó do ghualainn nó do rúitín curtha amach agat, thiocfá siar go dtí é. Dhá gcuirfeá séideog sa duine agus ortha leis, b'in leigheas don triuch. Caithfidh tú creistiúint i rud sula n-oibreoidh sé. Meacan an leonaidh, bhí sé go maith a deirtí. Bhí leigheas i dteanga an tsionnaigh freisin.

Tomhaiseannaí

Cuirtear é agus ní fhásann sé?
Glas.

Fear mór fada dubh agus é
an-fhada amuigh?
Cruach mhóna.

Droichead ar loch gan maide
gan cloch?
Leac oighre.



Mary Conroy





Trasna na dTonnta — Scéal Judeen

Rugadh Judeen ar an gCeathrú Rua i 1943. Bhí an saol an-chrua ag an am. Bhíodh 'chuile dhuine ag obair sa mbaile agus ag obair ar an talamh agus bhíodh 'chuile dhuine dílis don Domhnach. Chaití an samhradh ag obair ar an bportach ag baint agus ag gróigeadh móna, agus ag sábháilt an fhéir. Chuirí na fataí thart ar Lá 'le Pádraic, ach dhá gcloisfeadh Micil, athair Judeen an chuach ar an gcraobh, stopfadh sé ag cur na bhfataí faitíos an mbeadh sé ródheireanach dhóibh. Chuirí *spray* orthu in aghaidh an dúchan sa samhradh.

Chuirí an coirce nuair a bhíodh na fataí curtha, mar theastaigh an tuí le díon a chur ar an teach. Ba de réir a chéile a chuireadh Micil an díon ar an teach. Ba é an chuid ba mheasa ná an taobh ó thuaidh mar nach bhfaigheadh sé aon ghoradh gréine, mar sin, d'éiríodh sé lofa níos éasca.

Ní raibh aon *thresher* ann sa tseanaimsir. Nuair a thagadh an fómhar, bhíodh stól ag Máire Mhór, máthair Judeen, agus dhá stumpa de chloch le leagan ar an stól. Bhéaradh sí ar an dornán coirce, bhuaileadh sí anuas ar an gcloch é agus gheobhadh sí na síolta ar an gcaoi sin. Lá tirim cháitheadh sí é agus d'imíodh an dusta le gaoithe. D'úsáidtí na dornáin le leaba a chur faoi na beithígh. Ba tuí a bhí ann le haghaidh na dornáin a cheangal.

Dhéanaidís cruach den choirce, an cás céanna a bhí ann leis an seagal ach go dteastaíodh talamh níos saibhre, talamh nach raibh aon chlocha ann don seagal. Chuirte tuí an tseagail faoi na cearca len iad a choinneáil te.

Chaithfeá fear bréige a dhéanamh. Dhéanadh Judeen fear bréige leis na préacháin a choinneáil amach ón gcoirce. Maide a chur sa talamh, a chaithfeadh a bheith docht go maith, agus maide eile trasna air mar láimh ar nós a bheadh crois ann. Bhíodh seanéadaí i 'chuile theach, agus chastaí timpeall ar na maidí iad. Chuirte tuí síos i mála uaireantaí,

agus ansin bhíodh bolg breá ar an bhfear bréige. Chuirte píos de mhaide amach as anois is aríst, mar dheagur píopa a bhí ann. Ní raibh tada le ceannacht mar atá anois.

Théadh Judeen ar an margadh ar *bhicycle* nó ar an gcairrín asail in éindí le Micil scaití. Agus scaití eile, théadh Máire in éindí leo. Cheannaíodís cloigeann muice nó crúibíní, crúibíní a bhíodh blasta lena gcuid fataí agus a ngabáiste fhéin, cheannaíodís pórtar freisin. Dhíolaidís uibheachaí, cearca, glasraí, lachain agus géabha. Bhíodh fear ar an margadh agus mharaíodh sé na cearca agus na coileachaí agus rud ar bith eile a bhíodh acu. Chasadh sé a gcuid muiníl. Chrochadh sé ar ráillí iad le *twine*. Shileadh an fhuil astu, ansin bhídís réidh le ceannacht. Bhíodh daoine ag díol corrbhuidéal poitín agus corrcheaig freisin.

Ar an mbealach abhaile ón margadh, théadh Micil agus Judeen isteach Tigh Jimí Bheartla. Cheannaíodh Micil pionta dhó fhéin agus *lemonade* do Judeen. Bhíodh tae, siúcra, plúr agus plúr donn agus sóidí ag teastáil. Cheannaíodh Judeen



iad seo leis an airgead a rinne sí ar an margadh. Bhíodh sé dorchá nuair a bhíodh siad sa mbaile. Bhíodh orthu iad fhéin a níochná ansin, ag réiteach don Domhnach.

Gheobhaidís an báisín mór uisce agus an ghaléarach dhearg *Sunlight*. Théidís an t-uisce ar an tine i bpota mór dubh agus nídís iad féin. Ní raibh aon *tiles* mhóra dhubha acu mar atá sa lá atá inniu ann! Réitídís iad fhéin don Aifreann. Gúna dubh le *stripe* dearg ann san íochtar agus seál a bhíodh ar Judeen. Sciorta dubh agus geansaí a bhíodh ar Mháire. Thaitnigh sé leo *shine* a bheith sna bróga. D'úsáidís *blacken* agus scuaibín le *shine* a chur iontu. Treabhsar ceann easna a bhíodh ar Mhicil agus báinín bán, hata beag dubh agus bróga táirní.

Maidin Dé Domhnaigh, thugadh Micil amach an *trap*. Bhíodh an capall le réiteach, *harness* le cur air. Chuirte mála féir sa *trap* don chapall. Bhíodh sé in ann a bheith ag ithe féir an fhad agus a bhíodh siad istigh ag an Aifreann. Bhí teach an phobail soir an bóthar uathu agus bhíodh sé lán go béal. Bhí cosán a raibh crainnte ar 'chaon taobh dhó isteach go

dtí an séipéal. Istigh i sáinn a d'fhágtaí an capall agus an *trap*.

Cailín an-slachtmhar a bhí i Judeen. Bhíodh 'chuile dhuine ag faire uirthi. Sin a raibh de mhaith dhóibh ann! Bheadh a fhios agat go maith go raibh an slacht ag roinnt le taobh a máthar fhéin, Máire Mhór.

“Dhá bhfeicfeá Máire Mhór ’is í ag gabháil síos Sráid an Mhargaidh

A tóin in aghaidh na gaoithe ’is a bolg in aghaidh na farraige!”

Sé bliana a bhí Judeen nuair a chuaigh sí ag an scoil. Ní raibh bróga ar bith ar na gasúir san am sin. Ina gcosa boinn a théidís ag an scoil. Thug Noel Browne scéim *Free Boots* isteach sna 1950idí. *Sandals* a fuair daoine, ach ní sheasaidís i bhfad. Péire amháin a gheofa. ‘Bróga Phaddy Chuimín’ a thugtaí orthu. ’Sé a thug an litir do mhuintir Judeen le go mbeadh sí in ann na bróga a fháil. Dhá mbeadh neart airgid agat, ní gheobhfá iad. Bhíodh *clogs* a mbíodh bonn adhmaid

orthu agus crú ar na sála, le tuilleadh torainn a dhéanamh is dóigh, le fáil freisin. *Clogs* bhána agus torann aisteach acu! Ní bhíodh aon bharriall iontu. Bhí cailín amháin uair a bhí ag dul ag an gcéilí agus bhí péire de na *clogs* bhána uirthi ... bhí a buachaill in ann í a chloisteáil ag teacht!

Gheobhadh na gasúir *package* cócó, crúsca *jam* agus builín ag an scoil saor in aisce. *Tineannaí Fruitfield jam* a bhíodh ann. Gheobhadh siad muigín cócó agus builín ag am lóin 'chuile lá. Thugadh na gasúir uisce ón tobar i scoileanna faoi leith. Bhíodh muigíní péitir i gcuid de na scoileanna, agus ainm na ngasúr scríofa orthu. Bhí *tap* ar an bpota le haghaidh an cócó a chur amach in áiteachaí; sásan mór gan *tap* nó buicéid *enamel* a bhíodh in áiteachaí eile.

Cócó agus builíní Francis a bhíodh ann. Bhí an *contract* aige siar go *Roundstone*. Bhí a mbácús fhéin acu — *Francis' Bakery*. Dhá charr capaill a bhí ag tarraingt an aráin siar chomh fada le Leitir Mealláin san am sin, sna 1950idí. Bhí scéim tithe gloine ann freisin, agus iad ag cuid de na daoine

i gCois Fharraige agus ar an gCeathrú Rua. D’fheicfeá dhá chliabh ar an asal agus iad lán le *tomatoes* ag dul síos Bóthar an Tí Mhóir.

Thugadh na gasúir fód móna as an mbaile leo go mbeadh an máistir in ann an tine a chur síos. Chaithfeadh an fód móna a bheith agat nó bhuailfí thú. Chuireadh an máistir síos an tine ar maidin. Bhíodh an pota mór agus an cócó réidh le cur síos théis píosa. Ag coinneáil an mháistir te a bhíodh an tine. Bhíodh a thóin léi ar feadh an lae! Bhíodh sé ag coinneáil an teas ó na gasúir.

Seacht mbliana d’aois a bhí Judeen agus í ag réiteach le haghaidh an Chéad Chomaoineach. Bhí *frock* deas bán agus *veil* aici a cheannaigh sí i nGaillimh. Chuaigh sí fhéin agus a máthair isteach ar an mbus. Bhíodh bus mór agus bus beag ann, an Sarrach a thugtaí ar an gceann beag! Thagadh gasúir aniar as Ceantar na nOileán le dhul ag siopadóireacht tigh Tim Malone i nDoire Fheárta. Sciorta, geansaí, bróga agus *ankle socks* bána a bhíodh ar go leor de na cailíní.

Ní raibh cead ag Judeen ná ag na gasúir tada a ithe ná a ól ón naoi a chlog an oíche roimh an gComaoineach, agus bhí orthu a bheith ina gcodladh in am. Nuair a bhíodh an Chomaoineach tógtha agat, chaithfeá deoch uisce a ól sula n-íosfá aon rud, mar go raibh an-ómós don Chomaoineach.

Tráthnóna Dé hAoine a bhíodh an Chéad Fhaoistean ann. Bhíodh go leor cleachtaidh i gceist roimh ré. D'insídís don sagart gur ghoid siad siúcra as an mbabhla nó as an driosúr, nó go raibh siad ag inseacht bhréaga dá máthair. “Bhí mé dána ar mo mháthair, ag goid an tsiúcra le cur ar na sméara, mé féin is cailíní eile.” Ní théann aon duine ag faoistean anois, nó má théann is i gciorcal in éindí é. Ar ndóigh ní raibh aon pheaca ar Judeen ag an am, ná ar na gasúir eile.

Lá arna mhárach a dhéanfá an Chéad Chomaoineach. Bheifeá réidh ar maidin, *shine* sna bróga le *blacken*. “Cuir *polish* ar na bróga a deir Seán Pheadair leis an gclann!”

Is ag Aifreann a’ naoi a thógtaí an Chomaoineach. Bhíodh na fir ar thaobh amháin agus na mná ar an taobh



eile. Thosaíodh siad leis na mná ar an taobh ó dheas, agus d'oibrídís aníos i measc na bhfear; ach chuirte na buachaillí óga agus na cailíní amach ar dtús don Chéad Chomaoineach. Chuaigh Judeen síos ar cuairt ag a mamó théis an tséipéil agus fuair sí sé pingine uaithi. Bhí buidéal fuisce ag Micil agus thug sé gloine fuisce do na fir a tháinig isteach. Bhí an fuisce gann ag an am. Bhíodh braoinín branda ag Máire agus ag cuid de na mná eile.

Chaithfeadh Máire an t-éadach a choinneáil glan le haghaidh an mórshiúil *Corpus Christi* a bhíodh ann sa mBealtaine. Bhíodh an *Legion of Mary* ag iompar an *statue* den Mhaighdean Mhuire. Bhíodh Judeen agus na cailíní eile ag caitheamh bláthanna ar an mbóthar amach rompu agus bhíodh an sagart ag rá an Phaidrín. Théis Aifreann a' haon dhéag a bhíodh sé ann.

Faoi Nollaig gheobhadh Judeen glaic *currants* ó Santy. Deireadh a máthair léi gur caitheadh anuas d'*aeroplane* iad! Gheobhadh sí *sweets* chomh maith le úllaí agus oráistí. Ansin,

bliain amháin fuair sí *doll* bheag. ‘Catherine’ a thug sí uirthi. Thoir sa Spidéal a dhéantaí na *dollannaí*, *Crolly Dolls* mar a thugtaí orthu.

Ní raibh Judeen ach sé bliana déag nuair a cailleadh a máthair théis drochthinnis. Bhí a croí briste. Tháinig muintir an bhaile le haghaidh ’chuile chúnamh a thabhairt. Bhí ithe agus ól agus pléaráca ar an tórramh.

An t-am sin, nuair a chailltí bean, bhíodh bosca snaoisín ag an doras. Nuair a chailltí fear, *fags* a bhíodh ann. Bhíodh coinneal mhór lasta ’chaon taobh de chloigeann na leapan agus bhíodh na pictiúir bheannaithe agus an scáthán clúdaithe le éadach. Ní dhéanadh aon duine ar an mbaile aon obair ar feadh trí lá.

Bhíodh *habit* ar an duine a bhásaíodh, gorm ar na mná agus pictiúr den Mhaighdean Mhuire air, agus donn ar na fir. Gúna fada a bhí sa *habit* gan aon phóca air, agus bhíodh sé á dhíol Tigh Standún sa Spidéal.

Bhí cumha aisteach ar Judeen i ndiaidh a máthar, ach

b'éigean di cur suas leis. Éadach dubh a bhíodh ar na daoine ar feadh bliana i ndiaidh do dhuine bás a fháil. D'fhuáiltí píosa beag dubh d'éadach i muinchille an tseaicéid nó an chóta mar chomhartha omóis don duine a cailleadh. Ní chastaí air an raidió ar feadh píosa de bhliain ach an oiread. Ní ghabhfadh daoine ag damhsaí ná ag ceol ar feadh bliana.

Sin mar a bhí saol Judeen ar feadh na bliana sin.

Théis bliana thosaigh sí ag dul siar Tigh Darby ar an *mbicycle* lena cairde. Bhíodh an céilí ann idir a' naoi agus a' dó dhéag san oíche. Thosaíodh sí á réiteach fhéin ag a seacht a chlog. Chuireadh sí dath dearg ar a cuid ingneachaí. *Bhackcombáileadh* sí a cuid gruaige agus chuireadh sí cuid den phúdar cumhra faoina muineál. Bhíodh *lipstick* dearg ar a cuid beola, slabhra timpeall ar a muineál agus bráisléid ar 'chaon láimh uirthi. Chuireadh sí bróiste ar a cóta. Sciorta síos go dtí na glúine agus bróga sála arda a bhíodh uirthi.

Bhíodh daoine ag teacht as 'chuile cheantar le dhul ann. Bhíodh go leor de bhuachaillí Chois Fharraige ag dul siar.

Oíche Dhomhnaigh amháin, lean an *sergeant* í mar nach raibh solas ar an *mbicycle* aici. Tháinig sé ag an teach. Ní raibh a fhios ag Micil tada faoi go dtí gur tháinig an *sergeant* ag an doras. Bhain sé dhá scilling dhi!

Ghabhaidís suas bóithrín in aice le Tigh Darby agus chuiridís orthu na stocaí faitíos an mbeadh ola ar a gcosa ón slabhra. Siar leo ag an gcéilí an oíche seo. Réitigh Judeen amach í fhéin. Bhí buideál boladh breá sa *handbag* aici agus chuir sí cuid den bholadh breá uirthi fhéin. Sé pingine le dhul isteach.

Isteach léi Tigh Darby lena cairde. Ceol gaelach a bhí ann agus daoine ag damhsa, na cailíní ar thaobh amháin agus na buachaillí ar an taobh eile. Thagadh na buachaillí anall ag iarraidh na gcailíní. Bhí an Staicín Eorna, Ionsaí na hInse, Ballaí Luimnigh, Briseadh na Carraige, Caidhp an Chúil Aird, agus an *Half Set* á ndamhsú.

Fear mór damhsa agus fonn spraoi anoir as Baile na Féasóige ab ea Colm, fear aerach, spóirtiúil. Treabhsar agus

seaicéad gorm agus veist ghlas le straidhpeannaí uirthi a tháinig as Meiriceá a bhí air. Bhí ruainne d'fhéasóg air. Bhí sé ard agus leathan, fear téagartha. Bhíodh sé ag casadh amhráin Ghaeilge. Ní raibh aon Bhéarla ann. Bhearrfá thú fhéin ina chuid bróga, bhí an *shine* chomh mór sin iontu! Bhí *Brylcreem* ag ritheacht síos a mhuiníl go dtí a thóin, agus sé pingine ina phóca. Dhá gcasfadh aon chailín air gheobhadh sé dhá *mhineral* ar sé pingine.

Bhí *watch* póca aige ina veist agus slabhra álainn ceangailte leis. Anall as Meiriceá i *bparcel* na Nollag a tháinig an *watch* póca. Nuair a thagadh fear an phosta leis an *bparcel*, leanadh na comharsanaí isteach é le fáil amach céard a bhí ann. An rud céanna leis an dochtúir, leanaidís isteach é ag fiafrú, “Cén chaoi a bhfuil sé? Cén chaoi a bhfuil sé?” An rud céanna dhá bhfeicfí *ambulance* ag teacht.

Rith Colm trasna an urláir go dtí Judeen ach bhí sí amuigh ar an urlár cheana fhéin le fear eile. Rinne sé cinnte dhá ghratha an chéad damhsa eile a bhí ann, bhí sí tógtha in



am aige. Amach ar an *close waltz* a chuaigh siad agus dhiúg sé aige fhéin go breá í, agus straois go dhá chluais air. Bhí sé ag cur ceisteanna uirthi: Cé as í? Cé dhár díobh í? An raibh sí ina cónaí i bhfad ó Bhaile na Féasóige? Agus an raibh aon seans uirthi?!

Thug sí rogha na mban dhó ar an gcéad damhsa eile. Bhí seacht gcroí aige agus bhí a fhios aige go raibh sé in am an *bicycle* a réiteach.

“An ólfaidh tú buidéal *lemonade*, a Judeen?” a d’fhiafraigh sé dhi.

“D’ólfainn, a mh’anam agus dhá bhuidéal!” a dúirt sí.

Suas leo ag an *mineral bar*, áit ar bhain sé fáisceadh beag eile aisti, agus é ag baint lán an dá shúil as a cuid cosa.

“Judeen, Judeen, nach breá an dá chois atá fút?”

Dhá dtabharfadh sé abhaile ag a mháthair agus a athair í, chaithfeadh sí a bheith láidir.

“Go raibh maith agat, a Choilm,” a dúirt Judeen.

“Gabhfaidh muid amach go bhfeicfidh muid an bhfuil an

oíche go breá nó an bhfuil an ghealach amuigh,” a dúirt Colm. Bhí Judeen an-chúthail, níor pógadh riamh í. Bhí a máthair caillte le dhá bhliain agus ní raibh aon duine ann a chuirfeadh comhairle uirthi.

Amach leo ar *walk* agus é i ngreim láimhe inti. Oíche bhreá spéirghealaigh a bhí inti. Bhí an fharraige taobh thíos dhíobh, agus í garbh. Bhí an sruth ag gabháil síos go breá faoi dhroichead an Daingin, agus chuala siad an ceol ag teacht amach as an halla. Bhí solas na gealaí ag scairteadh anuas orthu. Chuala siad asal ag grágaíl píosa síos uathu agus bhog siad ina threo. Sheas siad le claí. Chuir sé a láimh thimpeall uirthi. Bhí sé ag breathnú isteach ina cuid súile. Thug sé póg dhi.

“Nach breá an rud a bheith beo,” a dúirt Colm.

“M’anam gur fíor dhuit,” a dúirt Judeen.

Dúirt sé léi go bhfágfadh sé sa mbaile í, agus bhí sí *happy*. Chuaigh siad anonn ag *bicycle* Choilm, agus thug sé *crossbar* abhaile dhi go dtí an Cheathrú Rua.

“Feicfidh mé aríst san oíche Dé Domhnaigh seo chugainn thú,” a dúirt sé léi.

“Piocfaidh tú suas mé Dé Domhnaigh seo chugainn ag béal an bhóithrín, agus gabhfaidh muid siar aríst, a Choilm” a dúirt sí.

An Domhnach dár gcionn, phioc Colm suas Judeen, mar a bhí socraithe acu.

Nuair a chuaigh Micil amach sa scioból ag iarraidh móna, chonaic sé *bicycle* Judeen. Ní raibh a fhios aige ó thalamh an domhain cén fáth a raibh an *bicycle* fágtha ina diaidh aici agus í féin imithe. D’fhan sé gur tháinig sí abhaile.

“Cá raibh tú agus cén fáth a raibh do *bicycle* fágtha i do dhiaidh agat?” a d’fhiafraigh Micil dhi.

“Is dóigh nár chuala tú mo scéal nua fós,” a dúirt Judeen lena hathair.

“Nach bhfuil fear breá as Baile na Féasóige aimsithe agam,” a deir sí. “Colm an t-ainm atá air. Fear mór anastach agus an-chraic ann.”

“Tabhair aire mhaith dhuit fhéin. Tabhair ag an teach é an deireadh seachtaine seo chugainn go bhfeicfidh mé é,” a dúirt Micil. “Beidh a fhios agam ansin an bhfuil aon mhaith leis ag cur fhataí nó ag baint fhéir. Bíodh buidéal aige!”

An Domhnach dar gcionn, d’iarr Judeen Colm ag an teach. Tháinig sé seachtain ina dhiaidh sin agus bhí an buidéal ag tíocht aige. Bhí sé scanraithe! Bhí Judeen í féin scanraithe ar fhaitíos nach mbeadh aon mheas ag a hathair ar an bhfear óg seo! Nuair a tháinig sé ag an doras ní raibh a fhios aige cén chaoi a ngabhfadh sé, ach cuireadh fáilte mhór roimhe.

“Tar isteach,” a dúirt Micil le Colm.

Bhí lampa ola ar an mballa agus ní raibh Micil in ann Colm a fheiceáil ceart mar gheall ar an bhféasóg. Thosaigh siad ag caint agus ag comhrá. Osclaíodh an buidéal.

“An bhfuil talamh agus beithígh agat?” a d’fhiafraigh Micil de Cholm.

“Cúpla bó agus cúpla caora,” a dúirt Colm. “Bím ag iascach gliomaigh chomh maith.”

Rinne Judeen an tae agus ghearr sí an cáca rísíní a bhí déanta aici. Thaithnigh an cáca go mór le Colm, agus dúirt sé, “Tá tú agam anois!” faoina anáil.

Théis cúpla deoch tháinig misneach aige agus d’fhiafraigh sé de Mhicil, “An dtabharfá dhom láimh d’iníne?”

“Cuir ceist uirthi fhéin go bhfeicfidh tú céard a déarfais,” a dúirt Micil.

“An bpósfaidh tú mé, a Judeen?” a d’fhiafraigh Colm.

“Phósfainn ar maidin thú,” a dúirt Judeen, “tá mé go mór i ngrá leat.”

Is beag nár thit Micil as a sheasamh agus é ag cuimhneamh go mbeadh sé fágtha leis fhéin.

Bhí sé in am baile ag Colm an t-am sin, agus chuaigh sé soir an bóthar agus gearradh faoi. Nuair a chuaigh sé abhaile, dhúisigh sé a mháthair agus a athair, Kate agus Seán, as a gcodladh le n-inseacht dhóibh go raibh sé ag dul ag pósadh.

“Ach cé hí fhéin? Cé as í? Cé leis í?” a bhí an bheirt ag fiafraí. Dúirt Kate le Seán éirí agus an citeal a chur síos go

bpléifidís an scéal. D’inis Colm dhóibh gur cailín deas as an gCeathrú Rua í agus nach raibh ann ach í fhéin’s a hathair. Bhí a mhuintir an-sásta an méid sin a chloisteáil.

“Coinnigh greim láimhe uirthi faitíos go rithfeadh sí, beidh an áit agat ar ball,” a dúirt an t-athair.

Phós siad sa bhfómhar dar gcionn. Ar ndóigh, bhí orthu airgead a chruinneáil le chéile roimh ré — leoraí feamaine nó móna a dhíol, faochain a phiocadh agus a dhíol. Bhí orthu *whitewash* a chur ar an teach agus bord a réiteach don bhainis. Bhí cáca le ceannacht as an áit a mbíodh na builíní á ndíol sa *GBC*. Bhí éadaí le ceannacht i siopa *Blackrock*. Bhí sicíní le marú agus le bruth agus bairille pórtair le ceannacht.

Chuaigh Judeen ar cuairt ag a haint Siobhán, deirfiúr lena hathair, agus d’inis sí an scéal di. Bhí Siobhán ríméadach do Judeen, go raibh sí ag dul ag pósadh.

“An seasfaidh tú liom?” a d’fhiafraigh Judeen de Shiobhán.

“Siúráilte, seasfaidh mé leat.”

D’fhiafraigh sí an raibh ’chuile shórt réitithe agus dúirt

Judeen go raibh. Thosaigh siad ag stócaíl le haghaidh lá na bainise.

Phós siad sa séipéal ar an gCeathrú Rua ar an Aoine ag a 11.00 ar maidin. Gúna fada bán a bhí ar Judeen, *tights* agus bróga bána. Bhí hata uirthi freisin. Cheangail sí ribín gorm ar a ceathrú le go mbeadh an t-ádh uirthi. Culaith ghorm agus léine bhán agus *tie* deas a bhí ar Cholm, chomh maith le bláth bán ina sheaicéad. Ba é col ceathrar Choilm, Páraic a sheas leis. Sé Micil a shiúil síos an séipéal le Judeen. Bhí na gaolta agus na comharsanaí ann, ach ní raibh go leor eile ann thairis sin. Cuireadh béil a bhí faighte ag daoine.

Ar ais ag an teach leo le haghaidh béilí na bainise. Bhí ceol agus damhsa ann, amhráin á gcasadh, pórtar á ól agus bhí oíche go maidin ann. Casadh bean as Cois Fharraige ar Mhicil. Sarah an t-ainm a bhí uirthi. Ní raibh Judeen an-sásta mar gur seans go gcaithfeadh sí imeacht as an teach sa mbaile anois. Bhí Colm Chois Fharraige spréachta!

Lá arna mhárach shocraigh siad go n-imeoidís agus go

ngabhfaidís thar sáile, go Meiriceá b'fhéidir. D'fhanfaidís cúpla mí go bhfeicfidís cén chaoi a dtiocfadh rudaí ar aghaidh agus le haghaidh cúpla punt a chur le chéile. D'fhan Judeen agus Colm i mBaile na Féasóige in éineacht le muintir Choilm i rith an ama seo. Bhíodh Micil ag caitheamh go leor ama thoir in éineacht le Sarah.

Mí théis pósadh dhóibh, chuaigh Judeen agus Colm siar ar an gCeathrú Rua don chuairt mhíosúil. Bhí dinnéar acu agus píosa breá comhrá, agus ceol cairdín. Muintir na Ceathrún Rua uilig a bhí ann. Ní bhfuair Sarah aon chuireadh, rud a chuir cantal uirthi. Ní raibh Micil an-sásta faoi sin, agus cén fáth a mbeadh? Bhí Judeen í féin sách cantalach faoin scéal!

Shocraigh siad pacáil agus imeacht go Boston cúpla mí ina dhiaidh sin. Bhí aintín le Judeen, deirfiúr lena máthair, Bidín thall. Bhí orthu a dhul ag *embassy* Mheiriceá i mBleá Cliath agus scrúdú leighis agus 'chuile chineál scrúdú a dhéanamh.

Tháinig an dá *phassport* sa bpostá agus réitigh siad iad féin le n-imeacht. Cheannaigh siad ticéid don bhád aeir. Bhí tórramh Meiriceánach nó *American Wake* sa teach, ceol agus amhráin go maidin. D'fhágadar slán ag muintir an bhaile. Shocraigh siad an tacsáí a thabharfadh síos go Rinn Eanaigh nó *Shannon* iad, Jimí Bheartla. Bhí croí Khate agus Sheáin, máthair agus athair Choilm, briste agus bhí Micil thrína chéile. Ní raibh aon chinnteacht go dtiocfaidís ar ais go deo. D'fhág Colm slán ag Baile na Féasóige.

Ba é an chéad uair a raibh siad imithe ón mbaile é agus, ar ndóigh, an chéad uair a ndeachaigh siad ar bhád aeir. Nuair a chuala Judeen an píolota ag rá, “*We’re over the sea,*” scanraigh sí. Bhí sí cinnte gur sa bhfarraige a chríochnódh sí agus bhí sí lionraithe agus thosaigh sí ag caoineadh. Tháinig an cailín thart ag fiafrú céard a bheadh acu lena ndinnéar.

Bagún agus cabáiste a bhí ag an mbeirt acu. Ocht n-uaire an chloig a bhí siad san aer. Tháinig faitíos orthu nuair a

thosaigh an bád aeir ag ísliú agus tháinig boidhre ina gcluasa. Bhí sé ina ardtráthnóna nuair a tháinig siad isteach go *Logan Airport*.

Nuair a leaindeáil siad bhí Bidín ag fanacht leo agus bhí seacht gcroí acu. B'in é an chéad uair a chonaic Judeen Bidín. D'aithnigh Bidín í ón bpictiúr den bhainis a bhí curtha anonn aici. Ba í pictiúr a máthar í, agus bhí ríméad ar Judeen go raibh Bidín ann leis an áit a 'speáint dhóibh.

“*You’re welcome to the USA,*” a dúirt an fear seo.

Bhreathnaigh Judeen suas agus chonaic sí fear gorm, agus tháinig faitíos uirthi. Ba é an chéad fhear gorm é a chonaic sí ariamh.

“Tá mé ag iarraidh a dhul abhaile,” a dúirt sí le Colm.

“Nuair a bhí tú sa mbaile, cén fáth nar fhan tú sa mbaile mar sin?” a dúirt Colm. “Nach raibh fíbin ort go bhfeicfeá Meiriceá?!”

D'imigh siad leo i gcarr Bhidín, *Chevrolet* mór *navy*. Bhí siad scanraithe ag an méid a chonaic siad; bóithre móra

millteacha, carrannaí, soilse, *builde*éalachaí, daoine ag dul thar a chéile.

“Go sábhála Dia sinn, cé as ar éirigh na soilse dearga, buí agus glasa sin?” a d’fhiafraigh Colm.

Bhí a gcuid súile ag dul amach thar a mogaill le iontas. Chuaigh siad go *Dorchester Avenue* san áit a raibh Bidín agus Éireannaigh go leor ina gcónaí. Bhí teach breá ag Bidín agus í pósta le fear as Carna, Cóilín Mac an Iomaire. Bhí lán phúirín na háithe de ghasúir acu, Tom, Peadar, Eoin, Cóilín Óg, Katie, Mary agus Brídín Óg.

Bhí an *cook out* réitithe ag an gclann sa ngarraí. Ní raibh a fhios ag Judeen ná ag Colm céard a bhí ag dul ar aghaidh.

“Tá an áit seo ina *chase* uilig, ní shamhlóinn go deo go mbeadh muid ag ithe agus ag ól amuigh sa ngarraí agus gur ag cac istigh a bheadh muid anocht!” a dúirt Colm.

Bhí Bidín isteach go mór leis na Kennedys, agus fuair sí post do Cholm ag obair sa ngairdín acu agus ag tabhairt aire do na bláthanna. Fuair sí jab do Judeen san ospidéal, ag obair

sa gcistineach. Thóg sé píosa orthu sula dtáinig siad isteach ar an mBéarla, ach bhí siad ag foghlaim leo. Bhí sé deacair áit chónaithe a fháil ag an am. Bhíodh comharthaí crochta sna fuinneogaí, ‘*No Blacks, no Dogs, no Irish.*’ Ní raibh cead ag na daoine gorma siúl ar an taobh céanna den tsráid agus a bhí ag na daoine geala ach an oiread.

Bhí sé ag cinnt ar Judeen agus ar Cholm a n-áit fhéin a fháil. Bhí trua ag na Kennedys dhóibh agus fuair siad tuairisc ar áit a bhí le ligean in *Rochester Road*. Bhí Judeen an-sásta áit dhóibh féin a bheith acu mar go raibh páistín ar an mbealach. Ba ghearr go mbeadh leaid nó cailín acu. D’inis sí an dea-scéala do Bhidín.

“Cuir scéala ag Deaide go beo,” a dúirt Bidín. “Beidh sé sásta.”

Chuir Colm é fhéin scéala abhaile ag a athair agus a mhama fhéin. Tháinig litir ó Sheán, athair Choilm, agus é an-ríméadach. “Is maith a chuaigh tigh Darby dhuit!” a dúirt sé.



Rugadh leaidín beag dhóibh i Lúnasa na bliana sin, an naoú lá den ochtú mí, Colm Óg. Ba é pictiúr Judeen é. Baisteadh Colm Óg in *St Thomas*, an séipéal in aice leo in

Dorchester Avenue. Bhí an-lá acu sa teach ósta ‘Mise Éire’. Chuir Colm aithne ar fhir go leor as Conamara an lá sin, agus chuaigh sé ar aghaidh le dhul ag imirt leis na *Connemara Gaels*. Ba ghearr go mbíodh sé imithe ag imirt cluichí ‘chuile dheireadh seachtaine.

Chuaigh sé go *Chicago* agus go *New York* leo. Thosaigh sé ag dul ag an *Irish Centre* i m*Boston* agus Judeen fágtha sa mbaile le Colm Óg.

“Nach é do dheaide an bithiúnach agus é imithe amach agus gan tusa in ann caint fós fiú amháin?” a deireadh Judeen le Colm Óg. Ní raibh Judeen ag iarraidh an scéal a inseacht do Bhidín mar go raibh náire uirthi.

Nuair a tháinig Colm abhaile, thug sí go leataobh é agus bhí cúpla focal aici leis.

“M’anam nach n-imeoidh sé chomh sciobtha aríst,” a dúirt sí léi fhéin théis sciolladh a thabhairt dhó.

Bhí rudaí maith go leor ar feadh píosa, ach ansin d’athraigh cúrsaí aríst. Ní raibh Colm ag iarraidh aon aire a

thabhairt don pháiste. Ba í Bidín a bhíodh ag tabhairt aire dhó nuair a bhídís ag obair.

D'imigh cúpla bliain ar an gcaoi sin. Bhí contúirt ann go n-imeodh Judeen ó Cholm mar nach raibh sí sásta cur suas lena chuid ealaíne. Bhíodh leithscéal i gcónaí aige nuair a bhíodh sé ag imeacht. Bhíodh sé imithe chomh minic go ndúirt sí leis sa deireadh fanacht imithe agus gan í a thaobhachtáil ní ba mhó. Sin é an uair a scanraigh a cuid cainte Colm agus a bhain cuid den siúl dhó. Thuig sé go raibh sé in am aige a theacht roimhe seo, a dhul abhaile agus saol Mheiriceá a fhágáil ina ndiaidh. Chomh maith leis sin, dhá dtiocfadh an scéal abhaile go raibh siad scartha óna chéile, bheidís náirithe go brách. Bhí an baol ann go raibh níos mó grá aige don pheil agus a bheith amuigh ná do Judeen agus do Cholm Óg.

“Tá sé in am againn cuimhneamh ar an áit ar fhág muid, agus filleadh abhaile,” a dúirt Colm lá amháin.

D'iompaigh rudaí amach níos fearr ina dhiaidh sin.

B'éigean dhóibh inseacht do Bhidín go rabhadar ag imeacht abhaile. Ar ndóigh, bhí a croí briste. D'fhill Judeen, Colm agus Colm Óg, a bhí seacht mbliana faoi seo, ar Chonamara aríst.

Bhí Micil agus duine de na comharsanaí rompu ar an tSionnain, agus bhí seacht gcroí ag Micil a ggharmhac a fheiceáil agus a fháisceadh isteach lena chroí. Ní raibh sé ag iarraidh scaoileadh leis, agus é coinnithe ina ghabháil aige. Bhí ríméad air nuair a chuala sé an gasúr ag Gaeilgeoireacht. Chuir na comharsanaí fáilte mhór abhaile roimh na *Yanks*. Bhí siad an-sásta go raibh siad sa mbaile acu aríst.

Bhí garraí tugtha ag Micil do Judeen. Bhí an teach baile folamh agus b'ann a d'fhan an triúr an fhad agus a bhí a dteach nua á dhéanamh. Shocraigh siad síos go deas suaimhneach ina dhiaidh sin; thosaigh Colm Óg sa scoil áitiúil, Scoil Mhic Dara, fuair Colm post ag tiomáint leoraí agus chuaigh Judeen ag obair i Stocaí Teo. Bhí an saol an-difriúil i gConamara le hais Mheiriceá. Ní raibh an méid chéanna

áiteachaí le dhul, tithe ósta, teach pictiúir ná aon áit dhá shórt.

Ba ghearr go raibh scéal mór acu mar go raibh páistín eile ar an mbealach. Rugadh cailín beag, Jackie dhóibh an geimhreadh dár gcionn, agus siad a bhí ríméadach. Cheannaigh Colm beithígh le haghaidh an talaimh agus bhíodh sé fhéin agus Judeen amuigh ag obair. Bhí féar le baint agus fataí le cur. Chuaigh Judeen agus Colm Óg go Gaillimh lá agus d'ordaigh siad *day-old chicks* ar an margadh. Bhí ceol le cloisteáil ó na sicíní ag deireadh an bhus an Satharn dár gcionn. Bhí scilling tugtha ag Judeen do Nick Lally le aire a thabhairt dhóibh ar an mbealach amach. Thagadh Micil le cúnamh a thabhairt dhóibh scaití. Thagadh Sarah bhocht anois 'is aríst freisin nuair a thugtaí cuireadh dhi! Bhí siad ar ais ar an seansaol arís. Mhair siad go sona sásta.

Blianta ina dhiaidh sin chuaigh Colm Óg ar ais go Meiriceá, áit ar fhan sé an chuid eile dhá shaol. D'fhan Jackie sa mbaile in éineacht lena muintir.

* * *

Seod iad mo chuimhní cinn ar an dá shaol a bhí agam ó bhí mé i mo ghearrchaile go dtí an lá atá inniu ann. Is iomaí athrú atá feicthe agam idir Chonamara agus Mheiriceá. Níl aon chailín ná aon bhuachaill ag dul ag an gcéilí ar *bhicycles* níos mó. Níl aon chéilí ann mar gur *discos* atá ann, léimneach agus ag imeacht craiceáilte, gan ciall ar bith leis, agus amuigh go maidin.

Sin í an óige agus sin é an saol. Airím uaim Colm agus Colm Óg ... agus Tigh Darby ar ndóigh!



Ba mhaith le *Fighting Words* Chonamara agus le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR buíochas a ghabháil leo seo a leanas:

Simon Boyle

Marcus Mac Conghail

Seirce Mhac Conghail

Tadhg Mac Dhonnagáin

Breda Ní Choisdealbha, Siobhán Nic Eochagáin, Máire de Bhailís,
Brid Uí Fhlaithearta agus foireann Thearmann Éanna ar fad

Aoife Ní Chonghaile

Máire Ní Chualáin

Lisa Olsthoorn

Mali Uí Chlochartaigh

Katie Uí Chuláin agus foireann Áras Chois Fharraige ar fad

Colm Quearney

Caomhán Ó Scolaí



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



cistiú
litríocht

